# TComhairliúchán Poiblí maidir leis an mBeartas um Breoslaí In-athnuaite don Iompar

Aibreán 2022

An Roinn Iompair
Department of Transport

**Comhairliúchán maidir leis an mBeartas um Breoslaí In-athnuaite don Iompar**

Leis an mBeartas um Breoslaí In-athnuaite don Iompar leagtar amach treochlár chun comhpháirt thábhachtach laistigh de Plean Gnímh na hÉireann don Aeráid d'earnáil an iompair a sheachadadh, a sholáthróidh maolú suntasach ar astaíochtaí CO2 sa deacáid seo atá romhainn.

Baineann an comhairliúchán seo le cur i bhfeidhm an Bheartais um Breoslaí In-athnuaite don Iompar mar a leagadh amach sa ráiteas beartais i mí na Samhna 2021, agus an treo sa todhchaí don bheartas seo go dtí 2030. Baineann sé leis an uaillmhian faoin Plean Náisiúnta Gnímh don Aeráid chomh maith le cur i bhfeidhm na ngnéithe iompair den Treoir athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite ('REDII') agus machnamh ar na tograí *Oiriúnach do 55* ón AE.

Mar sin, is mian linn bhur dtuairimí mar gheallsealbhóirí a bhailiú i bhforbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais seo.

**Osradharc**

Tá an Roinn Iompair ag lorg tuairimí i dtaca le tuilleadh forbartha ar an Ráiteas maidir le Breoslaí In-athnuaite don Iompar. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm na ngnéithe iompair den Treoir athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite ('REDII') agus machnamh ar na tograí *Oiriúnach do 55* ón AE.

Tá ionchur á lorg maidir le roinnt ceisteanna lena n-áirítear scóip an bheartais, leibhéal an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an iompair in 2030, an chonair chuig an bpointe sin, modhanna chun oibleagáid mhéadaithe a shásamh, oibleagáid bhreise a thabhairt isteach do bhithbhreoslaí ardleibhéil, dúshláin theicniúla, tionchair ar chostais agus an ghluaiseacht chuig bonn fuinnimh chun an oibleagáid a ríomh.

Cuideoidh an comhairliúchán seo le treoir a thabhairt d'athruithe a dhéanfar sa chéad leagan eile den Bheartas um Breoslaí In-athnuaite don Iompar[1], cur i bhfeidhm ar ghnéithe de REDII agus tabharfaidh sé treoir do roinnt de shuíomhanna na hÉireann faoi *Oiriúnach do 55* an AE.

Tá roinnt ceisteanna forbartha againn ar féidir leat machnamh a dhéanamh orthu agus d'aighneacht á dhéanamh agat. Is féidir aighneachtaí a dhéanamh

**Leis an bhfoirm ar líne**

**Le r-phost chuig** energyair&adaptationdivision@transport.gov.ie

**Tríd an bpost chuig**

Comhairliúchán i dtaca le Breoslaí In-athnuaite don Iompar
Rannán Fuinnimh. Aeir agus Oiriúnaithe
An Roinn Iompair
Lána Líosain
Baile Átha Cliath 2
D02 TR60

Is é an dáta deiridh d'aighneachtaí **5pm Dé hAoine 20 Bealtaine 2022**.

[1] Le tagairt sa chomhairliúchán seo do Bhreoslaí In-athnuaite don Iompar, tuigtear go n-áirítear gach fuinneamh in-athnuaite san iompar, e.g. áirítear leictreachas.

**Téarmaí agus Coinníollacha**

Meabhraítear do fhreagróirí go bhfuil an Roinn faoi réir ag an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007- 2014, agus reachtaíocht i dtaca le Cosaint Sonraí.

Níor chóir faisnéis atá pearsanta, faoi rún nó íogair ó thaobh tráchtála de a áireamh i d'aighneacht, agus glacfar leis gur féidir an fhaisnéis go léir atá i d'aighneacht a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

**Cad a dhéanfaimid le do fhreagairt**

Tabharfaidh na freagairtí treoir don Bheartas um Breoslaí In-athnuaite don Iompar atá ar bun ag an Roinn Iompair, i dtaca le machnamh ar roghanna.

Tabhair faoi deara go gcuirfear aighneachtaí a gheofar ar fáil ar shuíomh gréasáin an Rialtais. Ar aon chor, beidh na haighneachtaí go léir a gheofar faoi réir ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise agus reachtaíocht i dtaca le Cosaint Sonraí.

**Eolas príobháideachta**

- Comhairliúchán poiblí is ea é seo, agus tá feidhm leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus leis an reachtaíocht i dtaca le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE).
- D'fhonn príobháideacht a chinntiú, déanfar aon fhaisnéis phríobháideach a sholáthróidh tú a chosaint faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/67 agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018.
- Is féidir leat ráiteas príobháideachta na Roinne a léamh anseo.
- Féadfaidh an Roinn torthaí ar athbhreithnithe agus aighneachtaí a fhaightear faoin gcomhairliúchán a fhoilsiú ar www.gov.ie. Féadfaidh an Roinn ábhar na n-aighneachtaí go léir a fhaightear ar an gcomhairliúchán seo a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin, www.gov.ie. Déanfaimid sonraí pearsanta a fholú roimh fhoilsiú. Agus freagairt á dhéanamh ar an gcomhairliúchán seo, ba chóir do pháirtithe a léiriú go soiléir cén áit ina n-áiríonn a bhfreagairtí faisnéis phearsanta, faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de nó faisnéis rúnda nár mhaith leo a bheith scaoilte faoi FOI, AIE nó a bheith foilsithe ar bhealach ar bith eile.
- Féadfar liosta iomlán díobh siúd a dhéanann aighneachtaí a áireamh mar aguisín leis an tuarascáil faoin gcomhairliúchán. Bainfear aon sonraí pearsanta.
- Coinneofar aighneachtaí go dtí go mbeidh an próiseas athbhreithnithe agus an cur i bhfeidhm ar aon mholtaí a nglacfar leo críochnaithe.
- Is féidir leat leathanach na Roinne i dtaca le Cosaint Sonraí a fheiceáil anseo ina dtugtar cur síos ar conas agus cathain a bhailíonn an Roinn sonraí pearsanta, cén fáth a bhailítear iad agus conas a chaitear leo. Mínítear ann freisin do chearta i dtaca le d'fhaisnéis phearsanta a bhailiú agus conas is féidir leat do chearta sin a chur i bhfeidhm.

## Cúlra agus Beartas

Tugadh an **Scéim Oibleagáide Bithbhreosla** isteach 2010 agus tá sé á riar ag an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta[2]. Leis an scéim cuirtear oibleagáid ar gach soláthraí breosla iontaise in earnáil an iompair de bhóthar a chinntiú go dtagann codán áirithe den bhreosla iontaise uile a sholáthraítear ó fhoinsí in-athnuaite.

Is scéim atá bunaithe ar dheimhnithe atá ann ina n-eisítear deimhniú i dtaca le méideanna bithbhreosla a chuirtear ar an margadh (e.g., ag soláthraithe breosla). Ní mór a léiriú go bhfuil critéir inbhuanaitheachta comhlíonta sula n-eiseofar deimhniú. Faoin scéim reatha, eisítear dhá dheimhniú in aghaidh gach lítear de bhithbhreosla a tháirgtear ó fhoinsí sonraithe (e.g. dramhaíl agus iarmhair) agus bronntar deimhniú amháin in aghaidh an lítir a tháirgtear ó fhoinsí eile (barraí i gcoitinne).

Do gach bliain féilire, ní mór do sholáthraí breosla líon imleor de dheimhnithe oibleagáide bithbhreosla a bheith acu chun comhlíonadh a léiriú. Déantar líon na ndeimhnithe atá de dhíth a chinneadh ag an ráta oibleagáide bithbhreosla.

Leis an Scéim Oibleagáide Bithbhreosla cuirtear oibleagáid ar sholáthraithe ola mianraí a chinntiú go dtáirgtear 14.942% (de réir toirte) den bhreosla mótair (i gcoitinne, gásailín agus díosail mótair) a chuireann siad ar an margadh in Éirinn ó fhoinsí in-athnuaite, e.g., bitheatánól agus bithdhíosal. Ardaíodh an oibleagáid ón 1 Eanáir 2022. Ba é 12.359% a bhí ann roimhe.

Is é an ráta oibleagáide bithbhreosla líon na ndeimhnithe bithbhreosla nach mór a bheith ag gach soláthraí i mbliain ar leith mar chéatadán den bhreosla iompair iomlán a chuirtear ar an margadh i lítir.

Ba chóir a nótáil go ndéantar spriocanna na hÉireann don bhfuinneamh in-athnuaite faoi Threoir na hEorpa maidir le Fuinneamh Inathnuaite a ríomh ar bhonn fuinnimh ach go bhfeidhmíonn an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí faoi láthair ar bhonn toirte. Féadfaidh éagsúlacht a bheith sa déine fuinnimh idir bithbhreoslaí (e.g. i lítear de bhitheatánól tá 21 MJ[3] in aghaidh an lítir i gcomparáid le 33 MJ in aghaidh an lítir do bhithdhíosal) agus an breosla iontaise coibhéiseach (e.g. i bpeitreal tá 32 MJ in aghaidh an lítir agus i ndíosal tá 36 MJ in aghaidh an lítir). Mar sin, níl rátaí an dul i bhfód i dtéarmaí toirte ag teacht le leibhéal úsáid an fhuinnimh in-athnuaite. Leis an Treoir athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite tá soláthar ann do rogha na mBallstát i dtaca le hoibriú scéimeanna náisiúnta ar bhonn toirte, fuinnimh, nó déine carbóin, go deimhin, sa todhchaí.

In Aibreán 2018, foilsíodh Ráiteas Beartais, ina leagtar amach sé ghníomh chun cinnteacht a chur ar fáil do gheallsealbhóirí i dtaca leis an treo don Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí sa todhchaí a chuireann de cheangal ar sholáthraithe breosla a chinntiú go mbíonn bithbhreoslaí ina gcodán áirithe den bhreosla a úsáidtear in earnáil an iompair de bhóthar.

I mí na Nollag 2018 ghlac an tAontas Eorpach leis **Treoir athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite (‘REDII’)**, inar leagadh amach nach mór do Bhallstáit a éileamh ar sholáthraithe breosla íosmhéid de 14% den bhfuinneamh a úsáidtear ar iompar de bhóthar agus iarnród faoi 2030 a sholáthar mar fhuinneamh in-athnuaite.

I Meán Fómhair na bliana 2019, d’eagraigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil comhairliúchán poiblí ag lorg tuairimí i dtaca le conas a leanfar de bheartas na hÉireann maidir le breoslaí in-athnuaite a

[2] http://www.nora.ie/biofuelas-obligation-scheme.141.html
[3] meigigiúl in aghaidh an lítir

fhorbairt sna deich mbliana seo romhainn d'fhonn cuidiú le déileáil le dícharbónú in earnáil an iompair, mar a leagtar amach i REDII.

I gClár an Rialtais, *Ár dTodhchaí le Chéile*, a foilsíodh i Meitheamh 2020, d'aithin an Rialtas an gá le dícharbónú suntasach a dhéanamh ar earnáil an iompair laistigh de laghdú foriomlán 7% in aghaidh na bliana in astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) faoi 2030. Sa **Phlean Gnímh don Aeráid 2021** tugtar plean mionsonrach chun gníomh cinntitheach a dhéanamh le laghdú 51% a fháil in astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána faoi 2030 agus sinn a chur ar an mbóthar le hastaíochtaí neodracha a shroicheadh tráth nach déanaí ná 2050, mar a bhfuil tiomantas tugtha dó i gClár an Rialtais agus mar a leagtar amach san Acht Aeráide 2021.

Le tiomantais a dhéantar faoin bPlean Gnímh don Aeráid maidir le breoslaí in-athnuaite.

1. Leagtar amach an leibhéal beartaithe d'úsáid bithbhreoslaí don tréimhse 2021 go 2030 mar seo a leanas (Gníomh 277)
- *Faoi 2025 – B12/E10*
- *Faoi 2030 – B20/E10*
2. Tá ráiteas beartais nuashonraithe le foilsiú maidir le breoslaí in-athnuaite don iompar (Gníomh 280)
3. Tacaítear leis an bhforbairt ar ghás in-athnuaite, amhail bithmheatán, mar bhreosla iompair in earnáil an iompair (Gníomh 281)
4. Tá athbhreithniú le déanamh ar sholáthar breoslaí in-athnuaite iompair in Éirinn, amhail bithbhreoslaí, bithbhreoslaí ardleibhéil, leictribhreoslaí, breoslaí sintéiseacha, hidrigin ghlas, agus bithghás (Gníomh 288)

Ach mar a nótáladh sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021, faoi láthair tá bearna c.0.9 MtCO2eq idir na croíbhearta a chuideoidh le maolú na n-astaíochtaí iompair agus an aidhm go laghdófar faoi 51% faoi 2030. Tá an Roinn Iompair ag tabhairt faoi chlár oibre chun bearta a bheachtú a thuilleadh ag féachaint le laghdú breise 0.9Mt CO2 a sheachadadh faoi 2030 ar bhealach cóir agus cothrom. B'fhéidir go n-áireofaí leis seo leasú breise san oibleagáid cumaisc bithbhreosla sna blianta seo romhainn.

**Breoslaí In-athnuaite don Iompar - Ráiteas Beartais 2021 – 2023**


Foilsíodh Breoslaí In-athnuaite don Iompar - Ráiteas Beartais I Samhain 2021 (ag déileáil leis an bPlean Gnímh don Aeráid 2021, Gníomh 280). Sa Ráiteas Beartais seo leagtar amach treochlár chun méadú a dhéanamh ar sholáthar agus úsáid breoslaí in-athnuaite in iompair, lena n-áirítear an oibleagáid bithbhreoslaí a chuirtear I bhfeidhm ar bhreoslaí iompair de bhóthar a leathnú chuig iarnróid faoi 2024.
Sa Ráiteas Beartais áirítear na príomhghnéithe seo a leanas:

- Ag tacú leis an sprioc sa Phlean Gnímh don Aeráid do 2030, conair tháscach an arduithe bliantúil sa ráta oibleagáide cumaisc bithbhreosla go 2025, chomh maith leis an ardú molta sa mhuirear ceannaigh thar barr amach a chuirtear I bhfeidhm sa chás nach sroichtear an oibleagáid bithbhreoslaí trí chumasc.
- Dreasú ar an aistriú go E10 (cumasc bitheatánól sa pheitreal) faoi 2023 (ag aithint go bhfuil mandáid E10 curtha I bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe ó 2021 agus go bhfuil sé i gceist acu é a leathnú go Tuaisceart Éireann in 2022).
- Tuilleadh dreasachtaí ó 2023 chun forbairt a dhéanamh ar an soláthar de bhreoslaí in-athnuaite ardleibhéil amhail bithmheatán agus hidrigin ghlas.
- An tiomantas lena chinntiú go ndéanfar cothabháil ar na caighdeáin is airde inbhuanaitheachta de sholáthar bithbhreoslaí ón bhfoinse, lena n-áirítear athbhreithniú ar inbhuanaitheacht bithbhreoslaí agus obair ar bun ar leibhéal na hEorpa chun an bunachar sonraí REDII a chur i bhfeidhm le rianú na mbreoslaí leachta agus gáis a cheadú.

- Réimeas forfheidhmithe níos láidre do neamhchomhlíonadh leis an riachtanas sa **Treoir um Cháilíocht Breosla** le laghdú déine carbóin 6% a bhaint amach sa soláthar breoslaí d'úsáid iompair.
- Beidh gá le reachtaíocht chumasúcháin a dhéanamh in 2022 do na hathruithe a luaitear sa Ráiteas Beartais um Breoslaí In-athnuaite don Iompar.

Foilsíodh an Ráiteas Beartais i gcoinne an chúlra de **thograí *Oiriúnach do 55*** beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach an 14 Iúil 2021, lena n-áirítear méadú ar an uaillmhian don bhfuinneamh in-athnuaite san Eoraip, ag admháil gur faoi na Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa breithniú a dhéanamh ar an togra do laghdú 13% i ndéine GHG iompair faoi 2030.

Sa Ráiteas Beartais freisin pléitear le hoibleagáid na hÉireann faoi threoracha Eorpacha go n-éileofaí soláthar méadaithe de bhreoslaí in-athnuaite in úsáid i modhanna eile iompair amhail eitlíocht agus muirí. Sa togra **ReFuel EU** don eitlíocht áirítear spriocanna do bhreoslaí inbhuanaitheacha eitlíochta de 2% in 2025, 5% in 2030 agus suas le 63% in 2050. Laistigh de na spriocanna sin, tosaíonn fo-spriocanna do leictribhreoslaí agus breoslaí sintéiseacha ardleibhéil don eitlíocht ag 0.7% in 2030 agus suas le 28% faoi 2050. Leis an togra **FuelEU muirí** samhlaítear laghdú déine GHG in úsáid breoslaí muirí (i gcomparáid le 2020) de 2% in 2025, 6% in 2030, agus suas le 75% in 2050.




**Fíor 1 – Amlíne d'athruithe rátaí Bithbhreoslaí agus Treoracha maidir le Fuinneamh Inathnuaite**

**Taighde ar Inbhuanaitheacht agus Infhaighteacht Breoslaí In-athnuaite don Iompar**

Mar thoradh ar an uaillmhian mhéadaithe d'úsáid mhéadaithe as breoslaí in-athnuaite in úsáid breoslaí iompair, ar fud modhanna uile, bóthar, iarnród, eitlíocht agus laghdú déine GHG muirí, fágtar go bhfuil ríthábhacht le hinfhaighteacht agus inbhuanaitheacht na mbreoslaí seo. Beidh staidéar á dhéanamh ar an Roinn Iompair i mbliana ar infhaighteacht agus inbhuanaitheacht breoslaí in-athnuaite, agus aird mar is cuí ar cheangaltais náisiúnta faoin bPlean Gnímh don Aeráid le méadú a dhéanamh ar fhuinneamh iompair in-athnuaite go 2030 agus na hoibleagáidí amach anseo faoi *Oiriúnach do 55* an AE. Beidh an píosa taighde seo ina cholún tábhachtach mar bhonn le beartas sna blianta beaga seo romhainn.

**Bonn dlíthiúil a rialaíonn breoslaí in-athnuaite san iompar**

- Acht NORA 2007, arna leasú – oibleagáid bithbhreoslaí

https://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/act/7/enacted/en/html


- Trasuí RED II –

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02018L2001-20181221

- Trasuí FQD–

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=celex%3A32009L0030

## Osradharc ar an gComhairliúchán Beartais




**Fíor 2 – Creat Comhairliúcháin**

Tá trí chéim sa chomhairliúcháin faoin mBeartas um Breoslaí In-athnuaite don Iompar – sraith de cheardlanna geallsealbhóirí spriocdhírithe le téamaí, seimineár gréasáin, agus comhairliúchán scríofa foirmiúil, á riar thar thréimhse ó Mhárta go Bealtaine 2022.

Leis na ceithre cheardlann téamach díríodh an plé ar réimsí sonracha an bheartais um Breoslaí In-athnuaite don Iompar, go háirithe na réimsí is mó imní agus is féidir a athrú do gheallsealbhóirí agus soláthraithe.

Bhí tinreamh maith de 40-60 rannpháirtí ar na ceardlanna, ionadaíoch ar raon leathan de gheallsealbhóirí lena n-áirítear tionscail na mbreoslaí iontaise agus na mbithbhreoslaí, oibritheoirí iompair, soláthraithe fuinnimh, acadóirí, agus gníomhaireachtaí Rialtais.

Leagtar amach anseo thíos sonraí na dtéamaí agus na bpríomhphointí plé sna ceardlanna. Chuidigh an plé sna ceardlanna leis an Roinn a bhreithnithe a phlé faoin gcomhairliúchán agus beachtú a dhéanamh ar thuilleadh ceisteanna laistigh den chéim scríofa foirmiúil den chomhairliúchán.

Déantar tagairt ar fud an doiciméid chomhairliúcháin seo do réamhionchuir ábhartha ó na ceardlanna geallsealbhóirí seo.

**Téamaí agus Pointí Plé Ceardlainne**

**Renewable Fuel for Transport Policy Consultation 2022**

### Workshop 1 – 8th of March 2022

- Key issues for the ongoing implementation of the Renewable Fuels for Transport Policy
- Focus of Policy Statement beyond 2023
- Transition to E10
- Biofuel Obligation Scheme

### Workshop 2 – 10th March 2022

- Moving the volume basis of the current biofuel obligation scheme to an energy basis
- BOS and moving to energy basis
- Opportunities for renewable electricity and green hydrogen

### Workshop 3 – 22nd March 2022

- Ensuring robust sustainability of Renewable Transport Fuels
- Impact of the crop cap
- Impact of the 1.7% limit on annex IX part B of REDII

### Workshop 4 – 24th March 2022

- Current advanced biofuels and alternative fuels under REDII
- Future and source of advanced and alternative fuels
- Other sectoral competition for energy

**Plean Gnímh don Aeráid – spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach**

**Cúlra:**

Sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 leagtar amach spriocanna uaillmhianacha do dícharbónú ar iompar trí sholáthar bithbhreoslaí atá cumasctha i mbreosla iompair ar bhóthar, le sprioc fhoriomlán de chumasc 20% de bhithdhíosal nó HVO i ndíosal agus cumasc 10% de bhitheatánól i bpeitreal faoi 2030.

Is é an bealach chun na spriocanna seo a chur i bhfeidhm ná ardú sa ráta oibleagáide do chumasc bithbhreoslaí i soláthar breoslaí iompair in aghaidh na bliana go 2030. In Eanáir 2022 ardaíodh an ráta oibleagáide bithbhreoslaí go 13% (de réir toirte).

Ag leanúint ar aghaidh ón Ráiteas Beartais, leagtar an ráta táscach d'ardú san oibleagáid bithbhreoslaí sa tábla seo a leanas, arna léiriú mar chéatadán den mhéid iomlán de ghásailín agus díosal, lena n-áirítear bithbhreoslaí, a chuirtear ar an margadh iompair de bhóthar (tabhair faoi deara go léirítear an ráta oibleagáide bithbhreoslaí sa reachtaíocht mar % de ghásailín agus díosal iontaise iomlán i margadh an iompair de bhóthar):

Ráta oibleagáid bithbhreoslaí %: de réir toirte agus fuinnimh

| | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáid Toirte | 13 | 16 | 19 | 23 | - |
| OIbleagáid Fuinnimh | 11.8 | 14.6 | 17.6 | 21.5 | 33.5 |

Áirítear sna figiúir sa tábla thuas comhaireamh faoi 1.5 d'Ola Glasraí Hidriginithe (HVO), curtha i bhfeidhm go náisiúnta, ach ní áirítear leictreachas in-athnuaite agus breosla eitlíochta inbhuanaithe (SAF).

Sa Ráiteas Beartais moltar dáta measta 2023 chun leictreachas in-athnuaite a áireamh faoin scéim oibleagáide. B'fhéidir go mbeidh gá le tuilleadh oibre chun measúnú a dhéanamh ar thairbhí a bhaineann le leictreachas in-athnuaite a áireamh laistigh den scéim oibleagáide reatha, ag déanamh breithniú ar na tairbhí a bhaineann le dreasú breise sa réimse seo agus fíor-sciar na bhfeithiclí leictreacha thar am agus ionchuir ghaolmhara a mheastar a dtiocfaidh móiminteam orthu sa tréimhse ó 2025.

Coinneofar praghas an cheannaigh amach in aghaidh an lítir faoi athbhreithniú go bliantúil mar chuid den bheartas seo, ag déanamh breithniú ar phraghas coibhneasta na gcomhpháirteanna bithbhreosla agus breosla iontaise ó bhliain go bliain agus na harduithe sa ráta oibleagáide bithbhreoslaí mar a shamhlaítear faoin gconair a dtagraítear dó thuas.

I bhfianaise an tomhaltais aird ar dhíosal in earnáil an iompair ar bóthar in Éirinn i gcomparáid le peitreal, tá an phróifíl soláthair bithbhreosla a ghabhann leis ag brath ar bhithdhíosal agus ola glasraí hidriginithe (HVO). Sa Bheartas um Breoslaí In-athnuaite don Iompar admhaítear an gá lena chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht sna harduithe beartaithe sa todhchaí i soláthar bithbhreoslaí. Tá staidéar á dhéanamh ag an Roinn i mbliana ar infhaighteacht agus inbhuanaitheacht breoslaí in-athnuaite.

Cé go spreagann an Ráiteas Beartais um Breoslaí In-athnuaite don Iompar soláthar de chumasc níos airde de bhitheatánól chun an oibleagáid bithbhreoslaí ardaithe a shroicheadh, tá an Roinn tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh i mbliana ar roghanna chun a sholáthar a dhreasú a thuilleadh.

Le haighneachtaí agus uiríll chuig an Roinn ó Gheallsealbhóirí ó bhí an comhairliúchán deiridh ann in 2019, tugtar le fios, fiú le hoibleagáid cumaisc bithbhreosla fhoriomlán níos airde in aghaidh na bliana go 2030, nach ndéanfaí soláthraithe

breosla aonair a dhreasú ag fórsaí margaidh amháin le cumasc níos airde de bhitheatánól a sholáthar; agus tá gá le hidirbheartaíocht bhreise.

Áirítear leis na roghanna mandáid dlíthiúil crua don chumasc bitheatánóil níos airde, arna thacú ag bearta níos boige amhail feachtas cumarsáide poiblí in ullmhúchán don athrú. De bharr srianta ar na córais stórála agus dáileacháin do pheitreal in Éirinn níl acmhainn ach d'fhoirm amháin de pheitreal cumaisc. Mar sin, b'fhéidir go gciallóidh sé sin nach mbeidh ar peitreal cumaisc 5% bitheatánóil ar fáil ar thuilleadh.

Nótáiltear freisin go ndéanann neart de Bhallstáit an AE agus an Ríocht Aontaithe an cumasc níos airde E10 sa pheitreal a sholáthar cheana féin. Déanann roinnt Stát soláthar freisin do sholáthar chumasc níos airde E85, i roinnt cásanna á dtacú faoi láthair trí fhóirdheontais chánach.

**Réamhionchur ó cheardlanna geallsealbhóirí:**

Agus breithniú á dhéanamh cé acu an bhfuil gá le tuilleadh idirghabhála chun soláthar E10 a dhreasú, ba é an tuairim a bhí ag beagnach na geallsealbhóirí go léir ar chuathas i gcomhairle leo sa cheardlann (breis agus 95%) go mbeadh gá leis an gcumasc níos airde a shainordú, le bearta eile nó gan iad, lena chinntiú go mbeadh an leibhéal níos airde de bhitheatánól i soláthar peitril.

Mheas na geallsealbhóirí ar a cuireadh ceist ag an gceardlann go bhfuil sainordú ar chaighdeán cumaisc E10 agus cumarsáid phoiblí ina bpríomhchumasóirí d'aistriú chuig cumasc E10 i bpeitreal.

Agus breithniú á dhéanamh ar cad a thuilleadh is féidir a dhéanamh go náisiúnta, ag tógáil ar fhorálacha AE atá ann cheana chun cur leis an inbhuanaitheacht de bhreoslaí in-athnuaite, mhol na freagairtí ó gheallsealbhóirí sa cheardlann go mbeadh tuilleadh tacaíochta d'fhoinsí foinsí dúchasacha de stoic chothaithe do tháirgeadh agus soláthar bithbhreoslaí.

Ag machnamh ar an dreasacht laistigh den ráta ardaithe oibleagáide bithbhreoslaí, bhí tuairimí measctha ag geallsealbhóirí i dtaca le tacaíocht do HVO trí chreidiúintí iolraitheora faoin scéim i ndiaidh 2023.

**Ceist Chomhairliúcháin:**

**Lorgaítear do thuairimí maidir leis na harduithe molta sa soláthar bithbhreoslaí a shamhlaítear faoin bPlean Gnímh don Aeráid 2021 chun tacú leis an dícharbónú ar iompar, agus go háirithe i dtaca leis na nithe seo a leanas**

| |
|---|
| An chonair bhliantúil tháscach den ráta oibleagáide bithbhreoslaí go 2030, agus an muirear ceannaigh amach comhfhreagrach, mar a dtagraítear dóibh sa roinn Cúlra thuas. |

| |
|---|
| Ag tagairt don uaillmhian Eorpach mhéadaithe faoi na tograí *Oiriúnach do 55* nó bearta bhreise faoin bPlean Gnímh don Aeráid, an fhéidearthacht le spriocanna náisiúnta níos airde fós do 2030, mar shampla, chun tacú le sprioc chumaisc nó bithdhíosal/HVO de B25 nó B30, nó rogha chun cumasc E85 a sholáthar faoi 2030. |

| |
|---|
| Na dúshláin agus na deiseanna a chuireann na spriocanna uaillmhianacha sin ar fáil – ag tagairt d'insroichteacht, saincheisteanna teicniúla forfheidhmithe, agus infhaighteacht ar sholáthar inbhuanaithe cé acu allmhairithe nó dúchasach. |

| |
|---|
| Machnamh ar bhreoslaí eile, amhail gásola, a d'fhéadfadh, dá n-áireofaí iad laistigh den oibleagáid cumaisc bithbhreoslaí, cuidiú leis na spriocanna uaillmhianacha don dícharbónú iompair a shroicheadh. |

| |
|---|
| Go sonrach, i dtaca le mandáid dlíthiúil do chur i bhfeidhm E10, faoi réir ionstraim dlí iomchuí a bheith socraithe ag an Rialtas, breithnithe teicniúla le haghaidh cur i bhfeidhm, mar shampla, an t-am tosaigh agus ailíniú le hathrú séasúrach ar sholáthairtí peitril, i.e., b'fhéidir i Meán Fómhair 2022 nó Bealtaine 2023, nó príomhchúinsí eile. |

| |
|---|
| I bhfianaise na dreasachta laistigh den ráta méadaithe oibleagáide bithbhreoslaí, do thuairim maidir leis an tacaíocht do HVO trí chreidmheasanna iolraitheora faoin scéim in 2023 agus ina dhiaidh sin. |

| |
|---|
| Leictreachas in-athnuaite a áireamh faoin oibleagáid, conas is féidir é seo a bhaint amach go praiticiúil agus an t-am tionscanta iomchuí do chur i bhfeidhm in 2023 nó níos déanaí. |

**Cur Chuige an AE – teorainneacha a shocrú agus an inbhuanaitheacht a chosaint**

**Cúlra:**

Tá an cur chuige Eorpach maidir le fuinneamh in-athnuaite san iompar ceaptha chun inbhuanaitheacht breoslaí in-athnuaite a áirithiú, chun bithbhreoslaí ó stoic chothaithe áirithe a theorannú agus chun méadú a dhéanamh ar bhreoslaí in-athnuaite ardleibhéil.

Chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite san iompar (RES-T) a mhéadú de réir a chéile ó 10% go 14% ar a laghad in 2030, faoi réir critéir inbhuanaitheachta a bheith á gcomhlíonadh, tá teorainneacha ar stoic chothaithe áirithe atá bunaithe ar bharr agus ar stoic chothaithe eile amhail ola cócaireachta úsáidte (UCO) agus saillte ainmhíocha áirithe, chomh maith le fo-sprioc nua in-athnuaite ardleibhéil/forbartha.

Faoi na tograí *Oiriúnach do 55* ón AE, bheadh sprioc 13% do laghdú GHG, ag cur san áireamh iolraitheoirí faoin gcóras reatha a bhaint, rud a mhéadódh sprioc foriomlán RED II (14% fuinneamh). Tá spriocanna i dtaca le breoslaí in-athnuaite agus laghdú GHG muirí beartaithe do 2025 agus do 2030 freisin.

Féachfaidh Éire leis an oibleagáid bithbhreoslaí reatha a ailíniú leis an gcur chuige Eorpach mar atá leagtha amach sa Ráiteas Beartais um Breoslaí In-athnuaite don Iompar, agus faoi réir thrasuí na Treorach maidir le Fuinneamh Inathnuaite i mbliana. Go háirithe,

- I gcomhthéacs RED II, féachfaidh Éire le cloí leis an teorainn 1.7 do bhithbhreoslaí a dhíorthaítear ó stoic chothaithe atá leagtha amach in Iarscríbhinn IX Cuid B, is iad sin UCO agus geir. I gcomhréir le forálacha na Treorach, bheadh feidhm ag comhaireamh dúbailte maidir le gach bithbhreosla a tháirgtear ó stoic chothaithe liostaithe in Iarscríbhinn IX.
- Cuirfear teorainn 2% ar bhithbhreoslaí a tháirgtear ó stoic chothaithe atá bunaithe ar bharraí do bhithbhreoslaí a sholáthrófar lena úsáid san iompar in Éirinn.
- Déanfaidh Éire soláthar do chéimniú amach bithbhreoslaí bunaithe ar stoic chothaithe ard-riosca athraithe indíreach úsáide talún (ILUC), ag tagairt d’ola phailme sa chatagóir seo.

Tá dúshláin amach romhainn d’Éirinn - cloí leis na teorainneacha sa todhchaí ar bhithbhreoslaí díorthaithe ó stoic chothaithe Iarscríbhinn IX Cuid B, ag cur san áireamh an cion ard de UCO agus ceir chatagóir 1 mar stoic chothaithe sa phróifíl reatha bithbhreosla[4]; agus freisin méadú a dhéanamh ar an sciar de leictreachas nua in-athnuaite agus soláthar bithbhreoslaí ardleibhéil lena gcaitheamh san iompar.

Cuireann ró-spleáchas ar bithbhreoslaí UCO-bhunaithe iompórtáilte leis an leochaileacht a d’fhéadfadh a bheith ann do chalaois bithbhreosla – mar shampla, ag baint le hola phailme eile níos saoire a bhfuil tionchair ardriosca ILUC aici. Mar sin, tá staidéar á dhéanamh ag an Roinn i mbliana ar infhaighteacht agus inbhuanaitheacht breoslaí in-athnuaite chun spriocanna amach anseo a bhaint amach.

Beidh an Roinn i dteagmháil freisin leis an gCoimisiún Eorpach i mbliana maidir le maolú féideartha chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais Eorpacha a bheidh ann amach anseo maidir le fuinneamh in-athnuaite iompair agus inbhuanaitheacht a chaomhnú agus cuidiú le spriocanna náisiúnta uaillmhianacha dícharbónaithe a bhaint amach.

[4] Léiríonn anailís a rinne an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta gur stoic chothaithe iad UCO agus gheir chatagóir 1 do 99% de bhithdhíosal na hÉireann in 2021 (bhain an chuid eile le geir Chatagóir 3)


Tá an Coimisiún Eorpach chun reachtaíocht a fhorbairt chun feabhas a chur ar mhaoirsiú agus ar mhaoirseacht breoslaí in-athnuaite, chomh maith le critéir maidir le deimhniú stoic chothaithe ILUC íseal-riosca. Tá bunachar sonraí Eorpach de sholáthar bithbhreoslaí á fhorbairt faoi láthair freisin.

Áirítear le comhthéacsanna beartais gaolmhara eile a bhféadfadh tionchar a bheith ag beartas ar stoic chothaithe do bhithbhreoslaí orthu, bithéagsúlacht agus tograí an AE maidir le soláthar talún do bhithéagsúlacht mhéadaithe (tá Éire ina ball freisin de Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhianach Choinbhinsiún Bithéagsúlachta na Náisiún Aontaithe), agus slándáil bia agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag sainorduithe bithbhreosla ar luaineacht praghsanna bia i gcomhthéacs turraingí le déanaí e.g. ionradh na hÚcráine.

**Réamhionchur ó cheardlanna geallsealbhóirí:**

Ina ionchur leis na ceardlanna comhairliúcháin geallsealbhóirí thug an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta an léiriú seo a leanas ina dhéantar comparáid idir próifíl breosla in-athnuaite na hÉireann anois i gcomparáid le spriocanna Eorpacha amach anseo (bunaithe ar anailís atá ar fáil ó 2018 arna soláthar ag na comhairleoirí Byrne Ó Cléirigh). Léiríonn sé seo na dúshláin atá romhainn mar atá leagtha amach sa roinn roimhe seo.

Figure 19: RED II 14% Requirement



**Ceist Chomhairliúcháin:**

**Lorgaítear do thuairimí maidir leis na harduithe molta sa soláthar bithbhreoslaí a shamhlaítear faoin bPlean Gnímh don Aeráid 2021 chun tacú leis an dícharbónú ar iompar, agus go háirithe i dtaca leis na nithe seo a leanas**

| |
|---|
| Cad iad na cosaintí breise chun inbhuanaitheacht an tsoláthair bithbhreoslaí agus athléimneacht i gcoinne calaoise breosla a d’fhéadfadh a bheith ann a áirithiú, is féidir a chur chun feidhme chun cur leis na forálacha agus na pleananna Eorpacha atá ann cheana sa réimse seo. |

| |
|---|
| Sa chur chuige Eorpach samhlaítear go gcuirfear deireadh de réir a chéile le bithbhreoslaí ó ILUC ard-riosca faoi 2030. An bhféadfadh Éire deireadh a chur leo seo de réir a chéile níos luaithe, agus cathain. |

| |
|---|
| Ag cur san áireamh na teorainneacha Eorpacha ar bhithbhreoslaí a dhíorthaítear ó stoic chothaithe de chuid Iarscríbhinn IX de Chuid B (lena n-áirítear UCO agus geir) i bhfuinneamh in-athnuaite le haghaidh soláthair iompair, cé acu ar cheart leanúint de chead a thabhairt dheimhnithe a bronntar do shaillte ainmhíocha agus do bhithbhreoslaí a tháirgtear ó UCO agus do shaillte ainmhithe a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad tréimhse oibleagáide eile. |

| |
|---|
| Na dúshláin agus na deiseanna chun táirgeadh ard-bhithbhreoslaí ó stoic chothaithe Iarscríbhinn IX Cuid A a dhreasú. |

| |
|---|
| Maidir le tograí *Oiriúnach do 55* ón AE comhaireamh dúbailte bithbhreoslaí ar na stoic chothaithe go léir in Iarscríbhinn IX a bhaint, tuairimí maidir le cur i bhfeidhm beart den sórt sin faoi 2025. |

| |
|---|
| Cén riosca atá ann maidir le sainorduithe soláthair bithbhreosla in Éirinn go carnach leo siúd i ndlínsí eile, go gcrothófaí éileamh iomarcach ar stoic chothaithe arb ionann iad agus soláthar bia freisin, rud a dhéanfadh luaineacht i bpraghsanna bia níos measa, agus cad iad na cosaintí a bheadh oiriúnach agus éifeachtach i dtaca le rioscaí den sórt sin? |

| |
|---|
| An gaol agus/nó an iomaíocht idir bithbhreoslaí agus beartas domhanda agus an AE, go háirithe an gá talamh a chur ar leataobh do bhithéagsúlacht. |

**Fócas ar bhreoslaí in-athnuaite todhchaí ardleibhéil agus forbartha**

**Cúlra:**

Cuireann an Treoir Eorpach maidir le Fuinneamh Inathnuaite chun cinn soláthar agus úsáid in earnáil an iompair de bhreoslaí in-athnuaite ardleibhéil agus forbartha.

Léiríonn an Plean Gnímh don Aeráid 2021 go dtiocfaidh méadú ar an soláthar agus go n-úsáidfear breoslaí in-athnuaite ardleibhéil agus forbartha amach anseo, tá sé seo le feiceáil san fhógra le déanaí maidir le forbairt Straitéis Hidrigine d'Éirinn.

Baineann an Ráiteas Beartais um Breoslaí In-athnuaite don Iompar le conas úsáid na dteicneolaíochtaí breosla nua seo a dhreasú tríd an oibleagáid bithbhreoslaí scéime atá ann cheana, trí chreidmheasanna iolracha a sholáthar do sholáthar breoslaí den sórt sin faoin scéim.

Féadfaidh an scéim an bonn a chur ar fáil freisin le haghaidh chur i bhfeidhm ráta oibleagáide bithbhreoslaí ardleibhéil agus rogha ceannaigh amach chomhfhreagraigh, chun breosla den sórt sin a dhiúscairt, i gcomhréir le fo-spriocanna sa Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite.

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas Beartais, ón 1 Eanáir 2023, tá sé beartaithe an ráta oibleagáide maidir le soláthar bithbhreoslaí ardleibhéil a bhunú ag 0.3% de réir fuinnimh. Beartaítear conair tháscach an mhéadaithe a bheith 0.6% de réir fuinnimh in 2024, agus ansin ailíniú le fo-spriocanna Eorpacha de 1% de réir fuinnimh in 2025 agus 3.5% de réir fuinnimh in 2030.

Tá sé beartaithe freisin ceannach amach bithbhreoslaí ardleibhéil ar leith a shocrú ar phraghas €1.50 in aghaidh an lítir (a fhreagraíonn do cheannach amach caighdeánach oibleagáide bithbhreoslaí de €1.00 in aghaidh an lítir, mar a moladh in 2021).

Méadaítear leis an togra Eorpach *Oiriúnach do 55* an uaillmhian maidir le soláthar agus úsáid breoslaí in-athnuaite ardleibhéil agus forbartha san iompar de bhóthar, agus ag tabhairt isteach fo-sprioc le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBanna[5]), agus spriocanna comhchosúla do bhreoslaí in-athnuaite ardleibhéil agus forbartha infheidhme faoi 2025 san earnáil eitlíochta.

**Réamhionchur ó cheardlanna geallsealbhóirí:**

Trí rannpháirtíocht le geallsealbhóirí le linn na gceardlann don chomhairliúchán seo sa bhliain 2022, tugtar le tuiscint mbraitear gur príomhbhacainní iad costais agus infhaighteacht ar mhéadú ar sholáthar agus úsáid breoslaí in-athnuaite ardleibhéil agus forbartha san iompar in Éirinn.

Bhí tuairimí measctha i measc na ngeallsealbhóirí ceardlainne seo maidir le conas soláthar agus úsáid níos mó as na breoslaí sin ardleibhéil agus forbartha sin a chur chun cinn, ach bhí beagán níos mó tacaíochta ann do spriocanna náisiúnta níos airde maidir le soláthar méadaithe de bhreosla in-athnuaite chun astaíochtaí in iompar de bhóthar, eitlíocht agus iompar muirí a laghdú ná na spriocanna reatha nó atá beartaithe ar leibhéal an AE

Bhí tuairimí measctha ann i measc geallsealbhóirí maidir le cé acu an leor na tograí reatha atá sa ráiteas beartais maidir le creidmheasanna amháin chun soláthar breoslaí in-athnuaite a dhreasú chun a soláthar agus a n-úsáid a chur chun

[5] Is breoslaí leachtacha nó gásacha iad breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáidtear in earnáil an iompair seachas bithbhreoslaí agus bithghás, a ndíorthaítear inneachar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite seachas bithmhais.

cinn.

**Ceist Chomhairliúcháin:**

**Lorgaítear do thuairimí maidir leis an bhféidearthacht do bhreoslaí ardleibhéil agus forbartha chun tacú leis an dícharbónú ar iompar, agus go háirithe i dtaca leis na nithe seo a leanas**

Déantar tagairt sa rannán Cúlra thuas don chonair bhliantúil tháscach mholta don ráta bithbhreoslaí ardleibhéil go dtí 2030, agus ceannach amach comhfhreagrach.

Agus an ráta bithbhreosla ardleibhéil agus ceannach amach á gcur san áireamh, ar cheart cead a thabhairt le deimhnithe bithbhreosla ardleibhéil a thabhairt anonn agus a ailíniú leis na forálacha maidir le hoibleagáid chaighdeánach bithbhreoslaí a thabhairt anonn? An bhfuil fáthanna ann nár chóir deimhnithe bithbhreosla ardleibhéil a thabhairt anonn?

Maidir leis an uaillmhian Eorpach mhéadaithe faoi na tograí *Oiriúnach do 55* agus faoin bPlean Gnímh don Aeráid, an fhéidearthacht le sprioc náisiúnta níos airde a shocrú le haghaidh breoslaí ardleibhéil agus forbartha.

Maidir le tograí le haghaidh fo-sprioc le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch atá beartaithe faoi na tograí Eorpacha reatha le haghaidh leasú ar an RED, go bhféadfaí é sin a chur i bhfeidhm níos luaithe in Éirinn, m.sh., ón 1 Eanáir 2024.

Beart eile a bheidh le cur i bhfeidhm agus na creidmheasanna iolracha atá beartaithe le haghaidh ardleibhéil agus forbartha breoslaí áirithe á gcur chun feidhme nuair a chuirtear i bhfeidhm iad i dteannta a chéile, agus éifeachtaí saobhadh féideartha nó iarmhairtí neamhbheartaithe á gcur san áireamh. Mar shampla

Ordlathas soláthair a fhorordú d'earnáil an iompair nó d'earnálacha eile, mar shampla dul i ngleic le héifeacht na praghsála margaidh as a dtagann soláthar HVO don earnáil eitlíochta seachas d'iompar de bhóthar.

Cur i bhfeidhm iolraitheoirí i gcoibhneas le stoic chothaithe áirithe a theorannú tuilleadh, amhail creidmheasanna iolracha a theorannú do bhithmheatán nuair a tháirgtear iad ó stoc cothaithe faoi Iarscríbhinn IX Cuid A, ionas nach gcuirfear chun cinn stoic chothaithe amhail féar a úsáidtear i dtáirgeadh bithmheatán lena iompar seachas i mbeathú ainmhithe.

I dteannta leis na tograí sa Ráiteas Beartais maidir le creidmheasanna chun breoslaí ardleibhéil agus forbartha a dhreasú, cad iad na bearta eile a d'fhéadfadh a soláthar agus a n-úsáid in earnáil an iompair a chur chun cinn?

**Riarachán na hoibleagáide bithbhreoslaí a ailíniú leis an mbeartas le haghaidh breoslaí in-athnuaite**

**Cúlra:**

Arna fhoilsiú in 2021, féachann an Ráiteas Beartais um Breoslaí In-athnuaite don Iompar leis an oibleagáid bithbhreoslaí a athfhrámú laistigh de chomhthéacs an chreata Eorpaigh maidir le fuinneamh in-athnuaite san iompar, atá ag forbairt tuilleadh faoi na tograí *Oiriúnach do 55* ón AE

Chun na ceanglais Eorpacha a riar tríd an oibleagáid bithbhreoslaí atá ar marthain, beidh gá le leasuithe reachtacha tacaíochta ar an bPríomh-Acht lena rialaítear an oibleagáid, agus ar an mbealach sin í a ailíniú leis na codanna ábhartha de na Treoracha Eorpacha.

Thug na ceardlanna comhairliúcháin deis ar dhul i ngleic le geallsealbhóirí maidir le riaradh na hoibleagáide bithbhreoslaí amach anseo chun ailíniú le ceanglais chomhlíonta faoin Treoir Eorpach maidir le Fuinneamh Inathnuaite a áirithiú; idir an córas Eorpach cuntasaíochta atá bunaithe ar fhuinneamh do bhreoslaí in-athnuaite agus an oibleagáid bithbhreoslaí atá bunaithe ar thoirt faoi láthair.

Léiríonn na tograí *Oiriúnach do 55* ón AE aistriú amach anseo chuig spriocanna um dhéine carbóin agus tuairisciú ar fhuinneamh in-athnuaite san iompar ar dóigh dó a bheith i bhfeidhm tar éis 2024.

Tugann an Ráiteas Beartais le fios freisin go mbeidh athbhreithniú ann chun a chinntiú go gcomhlíontar na spriocanna laghdaithe carbóin in aon bhliain ar leith. Mar chuid den athbhreithniú sin d’fhéadfaí roinnt luamhán riaracháin a chur i bhfeidhm agus an ráta oibleagáide a mhéadú bliain i ndiaidh bliana, lena n-áirítear,

- Pionós chun comhlíonadh na sprice maidir le laghdú déine carbóin 6% in Airteagal den Treoir Eorpach um Cháilíocht Breosla a fhorfheidhmiú (bunaithe ar fhíneáil € Euro in aghaidh an tona CO2Eq easnamh faoi bhun na sprice laghdaithe carbóin 6% is gá d’aon tréimhse oibleagáide) agus a cheadaíonn a méid áirithe UERanna suas go dtí 2025.
- Teorannú breise a dhéanamh ar chodán na ndeimhnithe is féidir a thabhairt anonn go dtí an chéad tréimhse oibleagáide eile, i.e., go 10% nó 5%..
- Fotheorainneacha forordaithe maidir le deimhnithe a fhreagraíonn do dhifreáil bithbhreoslaí agus ard-bhithbhreoslaí a thabhairt anonn (e.g. bunaithe ar dhathchódú an deimhnithe atá molta ag NORA)


Méadóidh an chonair atá beartaithe maidir le méadú ar an ráta oibleagáide náisiúnta sna blianta atá le teacht freisin an dóchúlacht go gcomhlíonfar go héifeachtach na spriocanna Eorpacha chun déine carbóin a laghdú sa todhchaí.

Leanann an creat Eorpach de raon feidhme an bhreosla in-athnuaite a leathnú a fhéadfaidh cuidiú le hiompar a dhícharbónú, maidir le cineálacha foinsí breosla, mar shampla, breoslaí carbóin athchúrsáilte a áireamh sa treoir fuinnimh in-athnuaite agus maidir le hearnáil an iompair, ag leathnú chuig breoslaí iarnród agus, amach anseo, spriocanna do laghdú breoslaí eitlíochta agus laghdaithe astaíochtaí muirí faoi na tograí *Oiriúnach do 55* ón AE.

**Réamhionchur ó cheardlanna comhairliúcháin:**

Cé go bhfuil an leasú is gá ar an reachtaíocht fós á bhreithniú, tá córas riaracháin féideartha sa todhchaí molta ag Gníomhaireacht an Chúlchiste Ola Náisiúnta chun cur isteach íosta ar shealbhóirí cuntais oibleagáide a áirithiú, go sonrach maidir leis an aistriú chuig cuntasaíocht breosla-bhunaithe le haghaidh breoslaí in-athnuaite faoin oibleagáid. Go bunúsach, fanfaidh an tuairisciú ar sholáthairtí breosla ag sealbhóirí cuntais ar bhonn toirte agus déanfaidh an NORA

é seo a thiontú go bonn fuinnimh, mar a léirítear sa léaráid phróisis seo a leanas a chuir na comhairleoirí Byrne Ó Cléirigh ar fáil.



**Ceist Chomhairliúcháin:**

**Lorgaítear do thuairimí maidir leis an riarachán ar an oibleagáid bithbhreoslaí sa todhchaí, agus a ailíniú leis an gcreat Eorpach don bhfuinneamh in-athnuaite san iompar, agus go sonrach i dtaca leis na nithe seo a leanas**

I dtaca leis an togra chun aistriú chuig córas oibleagáide bithbhreoslaí atá bunaithe ar fhuinneamh, agus ag an am céanna go bhféadfaidh sealbhóirí cuntais tuairisciú ar bhonn toirte a dhéanamh, agus féachaint ar an aistriú a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo chuig na spriocanna Eorpacha um dhéine carbóin sna blianta atá le teacht.

Bearta breise a mholtar chun tacú le comhlíonadh fad is a mhéadóidh an ráta oibleagáide sna blianta atá le teacht agus chun comhlíonadh na spriocanna Eorpacha a áirithiú, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, trí:

Pionós agus fíneáil fhorásach a thabhairt isteach as neamhchomhlíonadh leis an sprioc sa treoir um cháilíocht breosla.

Cead a thabhairt le laghduithe astaíochtaí réamhtheachtacha (UERanna) a fhritháireamh i gcoinne na hoibleagáide sa treoir um cháilíocht breosla.

Codán na ndeimhnithe is féidir a thabhairt anonn go dtí an chéad tréimhse oibleagáide eile a theorannú go 10% nó 5% (is infheidhme maidir le deimhnithe oibleagáide caighdeánacha nó ardleibhéil bheartaithe), chun aon saobhadh ar chomhlíonadh bliantúil an ráta oibleagáide a mhaolú.

Na dúshláin agus na deiseanna atá ann maidir le breosla in-athnuaite arna sholáthar lena úsáid san eitlíocht agus iompar muirí a áireamh laistigh den oibleagáid sna blianta atá le teacht, ag teacht le tograí *Oiriúnach do 55* ón AE.

Ar cheart don Roinn féachaint le tuilleadh taighde a dhéanamh ar chineálacha éagsúla breoslaí carbóin athchúrsáilte, maidir lena gcuidiú le hiompar a dhícharbónú, tionchair eile, nó iarmhairtí neamhbheartaithe?

An bhfuil taighde eile ar cheart don Roinn a mheas maidir leis an mBeartas um Breoslaí In-athnuaite don Iompar?

An bhfuil aon rud eile ar mhaith leat a chur leis maidir leis an mBeartas um Breoslaí In-athnuaite don Iompar?

An Roinn Iompair
Department of Transport